Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Eanáir 2024**
**(OR. en)**

**5428/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0463(COD)**

**AG 6**
**JAI 60**
**FREMP 17**
**DISINFO 5**
**HYBRID 3**
**MI 43**
**DATAPROTECT 19**
**AUDIO 6**
**CONSOM 17**
**TELECOM 11**
**CODEC 82**
**IA 14**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Pacáiste reachtach 'Cosaint an Daonlathais Eorpaigh'<br>- Díospóireacht bheartais |

1. An 12 Nollaig 2023, ghlac an Coimisiún an pacáiste 'Cosaint an Daonlathais'. An méid seo a leanas atá ann:

   i. Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Cosaint an Daonlathais[1].

   ii. Togra le haghaidh Treoir nua maidir le Trédhearcacht na hIonadaíochta Leasa do thríú tíortha[2] (dá ngairtear 'an Treoir atá beartaithe' anseo feasta).

   iii. Togra le haghaidh Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 1024/2012 agus Rialachán (AE) 2018/1724[3] a ghabhann leis an Treoir atá beartaithe.

   iv. Measúnú tionchair[4] in éineacht leis an dá thogra reachtacha i bpointí (ii) agus (iii).

[1] 16935/23 + ADD 1.
[2] 16889/23 + ADD 1 + ADD 2.
[3] 17076/23.
[4] 16889/23 + ADD 3 + ADD 4; 17076/23 ADD 1 + ADD 2.

v. Moladh ón gCoimisiún maidir le próisis thoghchánacha chuimsitheacha agus athléimneacha san Aontas agus feabhas a chur ar an ngné Eorpach agus ar stiúradh éifeachtúil na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa.

vi. Moladh ón gCoimisiún maidir le ról gníomhach agus rannpháirtíocht éifeachtach na saoránach agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta sna próisis ceaptha beartas poiblí a chur chun cinn.

2. Thíolaic an Coimisiún príomhghnéithe an phacáiste, lena n-áirítear an Treoir atá beartaithe agus an measúnú tionchair a ghabhann leis, ag cruinniú den Mheitheal um Ghnóthaí Ginearálta an 9 Eanáir 2024 agus thíolaic sé an dá mholadh ag cruinniú den Mheitheal um Ghnóthaí Ginearálta an 11 Eanáir.

3. Ag cruinniú den Mheitheal um Ghnóthaí Ginearálta an 23 Eanáir, tionóladh réamhphlé maidir leis an Treoir atá beartaithe i struchtúr 'Ceisteanna & Freagraí' agus bhí deis ag na toscaireachtaí ceisteanna a chur ar an gCoimisiún agus soiléirithe a lorg uaidh.

4. Chun an scrúdú ar an bpacáiste a threorú agus, go háirithe, an mionscrúdú ar an Treoir atá beartaithe, tionólfar díospóireacht bheartais ag cruinniú den Chomhairle Gnóthaí Ginearálta an 29 Eanáir. Chun an díospóireacht bheartais a threorú, d'ullmhaigh an Uachtaránacht páipéar leathoifigiúil, lena n-áirítear ceisteanna.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe aird a thabhairt ar an bpáipéar leathoifigiúil thuasluaite agus na ceisteanna atá ann, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo iad, agus iad a chur ar aghaidh chuig an gComhairle.

## PÁIPÉAR LEATHOIFIGIÚIL ÓN UACHTARÁNACHT

### I. RÉAMHRÁ

Tá dhá sprioc leis an teachtaireacht uileghabhálach i ndáil leis an bpacáiste maidir le Cosaint an Daonlathais: ar thaobh amháin, na tograí reachtacha agus an dá mholadh a thabhairt isteach, agus ar an taobh eile, athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ó 2020 i leith maidir leis an bPlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach.

Agus ag breithniú ar chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach[5], féachtar ar thrí cholún an phlean gníomhaíochta sa Teachtaireacht : 1) Sláine na dtoghchán a chosaint agus rannpháirtíocht dhaonlathach a chur chun cinn, 2) saoirse agus iolrachas na meán a neartú, agus 3) an bhréagaisnéis agus ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis a chomhrac; agus liostaítear an méid atá bainte amach faoi gach ceann de na ceannteidil seo.

Ina theannta sin, féachtar sa teachtaireacht ar na hiarrachtaí a rinneadh le déanaí chun athléimneacht dhaonlathach Eorpach a bhaint amach, trí rannpháirtíocht shibhialta chuimsitheach a chothú, agus trí dheiseanna cistiúcháin an Aontais atá ar fáil d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta a shainaithint chun a n-acmhainneacht a fhorbairt agus chun tionscadail a chur chun feidhme a chuidíonn le luachanna an Aontais a chothú.

[5] 13678/20.

## II. TOGRA LE hAGHAIDH TREOIR NUA MAIDIR LE TRÉDHEARCACHT NA hIONADAÍOCHTA LEASA THAR CEANN TRÍÚ TÍORTHA

Tá dhá chuspóir ghinearálta ag an Treoir atá beartaithe lena mbunaítear ceanglais chomhchuibhithe sa mhargadh inmheánach maidir le trédhearcacht na hionadaíochta leasa thar ceann tríú tíortha agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 (‘an Treoir atá beartaithe’): ar thaobh amháin, chun feidhmiú cuí mhargadh an Aontais le haghaidh gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a áirithiú thar ceann tríú tíortha agus, ag an am céanna, rannchuidiú le trédhearcacht, sláine agus muinín an phobail i bpróisis chinnteoireachta an Aontais agus na mBallstát maidir le tionchar tríú tíortha. Bainfear iad sin amach faoi seach trí éascú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí ionadaíochta leasa trasteorann a dhéanfar thar ceann tríú tíortha nuair a dhéanfar ar bhealach trédhearcach iad, agus trí fheabhas a chur ar an eolas faoi mhéid, treochtaí agus gníomhaithe ionadaíochta leasa a dhéantar thar ceann tríú tíortha.

Leis an Treoir atá beartaithe, cheanglófaí ar na Ballstáit cláir náisiúnta a bhunú agus a choinneáil ar bun chun trédhearcacht na ngníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a dhéanann eintitis tríú tír a áirithiú, chomh maith le húdaráis a ainmniú a bheadh freagrach as na cláir sin. Ina theannta sin, cheanglófaí leis an Treoir atá beartaithe ar na Ballstáit údaráis mhaoirseachta neamhspleácha a ainmniú a mbeadh sé de fhreagracht orthu maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh agus forfheidhmiú na n-oibleagáidí a leagtar amach sa Treoir atá beartaithe, chomh maith le faisnéis a mhalartú leis na húdaráis mhaoirseachta i mBallstáit eile, i gcás ina n-údarófaí sin a dhéanamh faoin Treoir atá beartaithe.

Bheadh feidhm ag an Treoir atá beartaithe maidir le heintitis a dhéanann ionadaíocht leasa thar ceann tríú tíortha mar sheirbhís nó mar ghníomhaíochtaí comhchosúla agus d'fhorchuirfeadh sí oibleagáidí i ndáil le taifid a choimeád agus clárú sna cláir náisiúnta chomh maith leis an gclárú a nochtadh agus iad ag dul i dteagmháil le hoifigigh phoiblí. Ar bhonn níos nithiúla, tá sé d'aidhm leis an Treoir gníomhaíochtaí arna ndéanamh arb é is cuspóir dóibh tionchar a imirt ar fhorbairt, ceapadh nó ar chur chun feidhme beartais nó reachtaíochta, nó ar phróisis chinnteoireachta phoiblí san Aontas. I measc rudaí eile, eisítear i bprionsabal gníomhaíochtaí coimhdeacha, comhairle ghairmiúil dhlíthiúil, caidreamh taidhleoireachta, agus ranníocaíochtaí leis an mbunchistiú, nuair nach mbaineann siad le gníomhaíocht ionadaíochta leasa. Sainmhínítear sa Treoir atá beartaithe an coincheap 'tríú tír' mar údaráis phoiblí ar gach leibhéal lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch chomh maith leis na heintitis uile ar féidir a ngníomhaíochtaí a shannadh don údarás poiblí sin.

Ceanglaítear comhchuibhiú iomlán leis an Treoir atá beartaithe, rud a chiallaíonn nach mbeadh na Ballstáit in ann ceanglais trédhearcachta atá níos déine nó nach bhfuil chomh dian sin a choinneáil ná a thabhairt isteach le haghaidh na ngníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme na treorach, ná smachtbhannaí éagsúla (riaracháin) i gcás nach gcomhlíontar iad

Cuirtear ar aghaidh leis an Treoir atá beartaithe tacar caighdeánaithe sonraí atá le bailiú chomh maith le ceanglais maidir le tacar sonrach sonraí atá le cur ar fáil go poiblí, ina n-aonar nó ar leibhéal comhiomlán. Trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, d'fhéadfadh an Coimisiún leasú a dhéanamh ar na sonraí atá le bailiú, nó ar an bhfaisnéis atá le cur ar fáil go poiblí ar leibhéal comhiomlán.

Ar deireadh, leagfaí síos leis an Treoir atá beartaithe córas coimircí d'eintitis chláraithe, lena n-áirítear údaráis mhaoirseachta neamhspleácha a bhunú, ach freisin smachtbhannaí comhchuibhithe a d'fhéadfadh a bheith ann agus iad teoranta do smachtbhannaí riaracháin i gcás nach gcomhlíonfaí ceanglais na treorach. Bheadh na hÚdaráis Mhaoirseachta Neamhspleácha in ann taifid a bheadh á gcoinneáil ag eintitis a iarraidh i gcásanna ina mbeadh amhras ann faoi chomhlíonadh na treorach[6] nó i gcás ina bhféadfadh tionchar suntasach a bheith ag eintitis ar an saol agus díospóireacht phoiblí (trí chur chuige rioscabhunaithe trí bhíthin tairseacha airgeadais). Bheadh na hÚdaráis Mhaoirseachta Neamhspleácha freagrach freisin as comhar trasteorann agus as comhroinnt faisnéise, agus bheadh siad in ann smachtbhannaí riaracháin a fhorchur i gcás nach gcomhlíonfaí í.

6 Leasófaí leis an Treoir atá beartaithe Treoir (AE) 2019/1937 chun a áirithiú go mbeidh sceithirí in ann foláireamh a thabhairt do na húdaráis mhaoirseachta atá le bunú ag na Ballstáit maidir le sáruithe iarbhír nó féideartha ar cheanglais an togra.

## III. CEISTEANNA AR NA hAIRÍ

1. Cad iad bhur dtuairimí maidir le príomhghnéithe na Treorach atá beartaithe, go háirithe maidir leis an raon feidhme, maidir le gníomhaíochtaí agus eintitis tríú tír atá le cumhdach?

2. Cad iad na tionchair a thuarann sibh a bheidh ag an treoir ar na cláir trédhearcachta atá ann cheana i bhur mBallstát nó ar leibhéal an Aontais? Go háirithe, conas a mheasann sibh forálacha na Treorach atá beartaithe lena gcuirfí bac ar na Ballstáit ceanglais trédhearcachta atá níos déine nó nach bhfuil chomh dian sin a choinneáil nó a thabhairt isteach le haghaidh na ngníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme na treorach?

3. Agus breithniú á dhéanamh ar na tionscnaimh uile ó 2020 i leith, agus ar staid a gcur chun feidhme, an bhfuil aon bhearta breise ann ar leibhéal an Aontais a mheasfadh sibh a chur chun feidhme chun cosaint níos fearr a thabhairt dár ndaonlathais, athléimneacht ár bpróiseas toghcháin a neartú agus rannpháirtíocht na saoránach i gceapadh beartas a chothú?